Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15779/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0378 (NLE)**

**ECOFIN 1585**
**UEM 578**
**FIN 1434**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 731 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 731 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 731 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.11.2025
COM(2025) 731 final

2025/0378 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine**

{SWD(2025) 380 final}

GA GA

2025/0378 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don tSlóivéin an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3], an 10 Nollaig 2024[4] agus an 20 Meitheamh 2025[5].

(2) An 7 Samhain 2025, rinne an tSlóivéin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an tSlóivéin.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Baineann na leasuithe ar an bplean a chuir an tSlóivéin isteach mar gheall ar imthosca oibiachtúla le 68 beart.

(4) Tá sé mínithe ag an tSlóivéin nach féidir 4 bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de bharr easpa éilimh nó athrú ar an éileamh margaidh. Baineann sé sin le C3-IHL Tionscadail bhreise maidir le fuíolluisce uirbeach a sceitheadh, a chóireáil agus a athúsáid, C3-IIL Tuilleadh tionscadail soláthair agus choigiltis uisce óil, C11-

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj
[2] Féach doiciméid ST 10612/21 INIT; 10612/21 ADD 1.
[3] Féach doiciméid ST 13615/23 INIT; ST 13615/23 REV 1 (ga); 13615/23 ADD 1 REV 1.
[4] Féach doiciméid ST 15989/24 INIT; ST 15989/24 ADD 1; ST 15989/24 COR 1 (ga).
[5] Féach doiciméid ST 9591/25 INIT; 9591/25 ADD 1.

IB Forbairt inbhuanaithe na cóiríochta do thurasóirí chun breisluach na turasóireachta a ardú, agus C17-ID Éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú an gheilleagair. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir 6 bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar mhoilleanna suntasacha ar an gcur chun feidhme mar gheall ar imthosca gan choinne nach bhfuil neart ag an mBallstát orthu. Baineann sé sin le C3-IFL Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca i leith tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú, C4-ICL Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh, C9-IC Tacaíocht do dhícharbónú, do tháirgiúlacht agus d'iomaíochas cuideachtaí, C9-ID Éiceachórais nuálacha de bhonneagar eacnamaíoch agus gnó a sholáthar, C10-IC Modhanna oibre níos solúbtha a thabhairt isteach atá oiriúnaithe do riachtanais daoine faoi mhíchumas i gcuideachtaí dídeanacha agus in ionaid fostaíochta, agus C15-ICL Timpeallacht shábháilte maireachtála a áirithiú do dhaoine spleácha. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Tá mínithe ag an tSlóivéin go bhfuil 55 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le C1-ID Athstruchtúrú fuinneamhéifeachtúil a dhéanamh ar chórais téimh ceantair trí úsáid a bhaint as foinsí in-athnuaite, C1-IEL táirgeadh leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite agus ó chomhghiniúint ardéifeachtach, C1-IF An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (stáisiúin chlaochladáin), C1-IFL An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (stáisiúin chlaochladáin agus líonra ísealvoltais), C1-RA Athchóiriú ar chur chun cinn foinsí in-athnuaite fuinnimh sa tSlóivéin, C1-RB Athchóiriú ar an soláthar leictreachais chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, C2-IB Athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh, C2-IBL Leanúint le hathchóiriú inbhuanaithe foirgneamh, C2-RA Athchóiriú ar phleanáil agus ar mhaoiniú athchóiriú fuinnimh foirgneamh san earnáil phoiblí, C3-IE Athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch in aghaidh tubaistí a bhaineann leis an aeráid i bPoblacht na Slóivéine, C3-IG Larionad le haghaidh síolta, plandlanna agus chosaint na bhforaois, C3-IH Tionscadail sceite agus cóireála fuíolluisce uirbigh, C3-II Tionscadail soláthair agus coigiltis uisce óil, C4-IC Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú, C4-ID Digitiú an bhonneagair iarnróid agus bóthair, C4-IE Cur in úsáid bonneagair breoslaí malartacha a chur chun cinn san iompar (uas-scálaithe), C4-RA Athchóiriú ar eagrú iompair phoiblí do phaisinéirí, C4-RB Athchóiriú ar imscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, C5-IB Tionscadal straitéiseach comhtháite le haghaidh dhícharbónú na Slóivéine tríd an aistriú chuig Geilleagar Ciorclach, C5-IC Próiseáil Adhmaid Méadaithe chun Dlús a chur leis an Aistriú chuig Sochaí atá Neodrach ó thaobh na hAeráide de, C6-ID Tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta – Bonneagar sonraí agus seirbhísí coiteanna Eorpacha, C7-IG Timpeallacht dhigiteach an riaracháin phoiblí a nuachóiriú, C7-IH Bonneagar gigighiotáin, C7-II Digiteáil na gcóras slándála inmheánaí, C7-IJ Digitiú an oideachais, na heolaíochta agus an spóirt C7-IK An creat um láthair ghlasa Sloivéineacha, C7-IL An t-aistriú digiteach sa talmhaíocht, sa bhia agus san fhoraoiseacht, C7-IM Digitiú i réimse an chultúir, C7-IN Digitiú i réimse an cheartais, C7-RE Cibearshlándáil a áirithiú, C7-IG Timpeallacht dhigiteach an riaracháin phoiblí a nuachóiriú, C8-IB Comhaoiniú ar thionscadail taighde agus nuálaíochta chun tacú leis an aistriú glas agus leis an digiteáil, C8-IC Cómhaoiniú tionscadal chun soghluaisteacht idirnáisiúnta thaighdeoirí agus eagraíochtaí taighde na Slóivéine a

fheabhsú agus chun rannpháirtíocht idirnáisiúnta iarratasóirí na Slóivéine a chur chun cinn, C8-ID Comhaoiniú infheistíochtaí léirithe TFN agus treoirthionscadail, C10-ID Teacht isteach níos tapúla daoine óga sa mhargadh saothair, C10-RA Bearta struchtúracha chun athléimneacht an mhargaidh saothair a neartú, C11-ID Athchóiriú inbhuanaithe agus athbheochan na hoidhreachta cultúrtha agus an bhonneagair chultúrtha phoiblí, C11-RA Forbairt inbhuanaithe na turasóireachta a neartú, C12-IE Claochlú cuimsitheach ar an oideachas glas agus digiteach, C12-IF Tionscadail phíolótacha maidir le hathchóiriú ardoideachais le haghaidh aistriú glas athléimneach, C12-IG Comhar a neartú idir an córas oideachais agus an margadh saothair, C12-IH Bonneagar oideachais a ghlasú sa tSlóivéin, C12-IHL Bonneagar oideachais a ghlasú a thuilleadh sa tSlóivéin, C12-RA An córas oideachais a athchóiriú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, C12-RB Athchóiriú ardoideachais le haghaidh aistriú glas athléimneach, C12-RC Nuachóiriú na hoiliúna sa ghairmoideachas dara leibhéal agus sa ghairmoideachas, lena n-áirítear printíseachtaí, C13-RC Coinníollacha sistéamacha a chruthú chun infheistíochtaí a fhás, C14-IB Inniúlacht oibrithe sláinte a fheabhsú, C14-IC Claochlú digiteach an chúraim sláinte, C14-ID Inrochtaineacht an chórais sláinte, C14-IE Cóireáil éifeachtach ar ghalair theagmhálacha, C14-RA Athchóiriú ar an gcóras cúraim sláinte, C15-RA Córas aonair a bhunú le haghaidh cúram fadtéarmach, C16-IB Tithíocht ar chíos poiblí a sholáthar, agus C17-IC An gréasán dáileacháin leictreachais meánvoltais a neartú. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an tSlóivéin úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh leis an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme 3 bheart a mhéadú. Baineann sé sin le C3-IF Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca i leith tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú, C11-IC Forbairt inbhuanaithe bonneagair turasóireachta phoiblí agus chomhroinnte agus nithe is díol spéise nádúrtha i gcinn scríbe turasóireachta, agus C17-IE REPowerEU Cur in úsáid bonneagair breoslaí malartacha a chur chun cinn san iompar (uas-scálaithe). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an tSlóivéin go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme 3 bheart a mhéadú.

*Dáileadh cloch míle agus spriocanna*

(8) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an tSlóivéin i láthair a chur san áireamh.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(9) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU*

(10) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(11) D'ainneoin iarraidh na Slóivéine a leibhéal cur chun feidhme a laghdú a mhéid a bhaineann le beart amháin, tá an chaibidil REPowerEU fós comhleanúnach le creat beartais na Slóivéine arb é is aidhm dó astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Treisíonn na bearta freisin iad siúd a áirítear sa phlean bunaidh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus iompar astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, agus sciar na bhfoinsí in-athnuaite a mhéadú.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 45,03 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe agus 85,49 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(13) Níl tionchar ag na bearta laghdaithe ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht. Leis an gcaibidil REPowerEU, leantar de thacaíocht bhreise a chur ar fáil d'aistriú glas na Slóivéine, ós rud é go bhfuil ról lárnach ag an athchóiriú agus na hinfheistíochtaí uile i ndlús a chur le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus, ar an gcaoi sin, sa spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus truailliú aeir a laghdú, chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh a mhéadú. Meastar fós go laghdóidh na bearta sa phlean na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus go n-éascóidh siad glacadh fuinnimh in-athnuaite, chomh maith leis an toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh agus a áirithiú go laghdófar rioscaí tuilte sa tSlóivéin agus, ar an gcaoi sin, go rannchuideoidh siad le spriocanna aeráide 2030 agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach faoi 2050.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 23,46 % í de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(15) Níl tionchar ag na leasuithe ar na bearta ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú digiteach. Leanann an plean modhnaithe de bheith ag rannchuidiú go mór le haistriú digiteach an riaracháin phoiblí agus na ngnólachtaí, lena n-áirítear tríd an mbonneagar is gá a fhorbairt (nascacht agus néalríomhaireacht a mhéadú agus cibearshlándáil a fheabhsú), réitigh agus seirbhísí digiteacha atá sárfhorbartha agus soláimhsithe don úsáideoir a chur in úsáid, chomh maith le próisis ghnó a athrú ó bhonn agus an bhearna dhigiteach a dhúnadh i gcás cuideachtaí níos traidisiúnta.

***Costáil***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le

méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(17) Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais le haghaidh na n-infheistíochtaí athbhreithnithe go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus inchreidte, de réir na faisnéise a sholáthraítear. Mhol an tSlóivéin athruithe a dhéanamh ar an leithdháileadh idir iasachtaí agus deontais, rud a laghdódh méid foriomlán na n-iasachtaí. Leithdháileadh acmhainní breise ar bhearta a fheidhmíonn go maith agus laghdaíodh iad i gcásanna ina raibh rioscaí ag baint leis na bearta. Chuir an tSlóivéin mínithe leordhóthanacha ar fáil, lena n-áirítear go príomha torthaí na dtairiscintí agus na nglaonna ar thograí a seoladh chun críocha an phlean téarnaimh agus athléimneachta. I bhformhór na gcásanna, áirithítear leis an modhnú go bhfuil na hathruithe ar spriocanna comhréireach leis na hathruithe ar mhaoiniú. Ina theannta sin, bhí údar cuí leis na hathruithe sna meastacháin chostais le haghaidh bearta leasaithe agus bhí siad comhréireach agus, dá bhrí sin, níor athraíodh réasúnaíocht agus inchreidteacht na meastachán costais sin i gcomparáid leis an bplean bunaidh. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach soláthartha ag an tSlóivéin nach gcumhdaítear méid na gcostas iomlán measta le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costais iomlána measta an phlean mhodhnaithe i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá siad i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Aon chritéar measúnaithe eile***

(18) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an tSlóivéin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (db), (g), (h), (j) agus (k).

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(19) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán Teicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)[6], mheas an tSlóivéin gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mheas an tSlóivéin, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean leasaithe toisc nach gcumhdaítear leis na tionscadail ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu na réimsí a ndearnadh a uas-scálú leis an athbhreithniú seo.

***Measúnú dearfach***

(20) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le

[6] IO L, 2024/795, 29.2.2024.

hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(21) Is é EUR 2 139 101 704 costais iomlána mheasta phlean leasaithe na Slóivéine. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don tSlóivéin, an ranníocaíocht airgeadais arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na Slóivéin, ba cheart gurb é EUR 1 612 948 340 an ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don tSlóivéin.

*Iasachtaí*

(22) Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 613 247 438 ar fáil don tSlóivéin trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021. Tar éis an laghdaithe ar leibhéal chur chun feidhme C3-IHL Tionscadail bhreise maidir le fuíolluisce uirbeach a sceitheadh, a chóireáil agus a athúsáid, C3-IIL Tuilleadh tionscadail soláthair agus choigiltis uisce óil, C3-IFL Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca i leith tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú, C4-ICL Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh agus C15-ICL Timpeallacht shábháilte maireachtála a áirithiú do dhaoine spleácha, faoi Airteagal 21 de Rialachán 2021/241, níor iarr an tSlóivéin na hacmhainní iasachta saortha a úsáid chun tacú le bearta nua nó chun leibhéal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana laistigh den phlean téarnaimh agus athléimneachta a mhéadú. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean níos ísle ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don tSlóivéin agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don tSlóivéin trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán a chuirtear ar fáil don tSlóivéin a laghdú go EUR 525 585 704.

(23) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán.

(24) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

---

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Slóivéine ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Cuirfidh an tAontas ar fáil don tSlóivéin iasacht EUR 525 585 704 ar a mhéad.";

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht na Slóivéine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*